C/2025/2150

9.4.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2150)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Les Baux de Provence'

PDO-FR-A0272-AM01

Dáta na teachtaireachta: 15 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe

I Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Les Baux de Provence', leasaíodh pointe 1 'Limistéar geografach', gan tuilleadh athraithe, trí fhrása níos beaichte 'Gach céim den táirgeadh' a chur isteach roimh 'buaint, fíonóireacht, próiseáil agus aibiú na bhfíonta'.

I Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla' de Chaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Les Baux de Provence', leasaíodh pointe 1 'Limistéar geografach' agus pointe 3 'Limistéar díreach in aice láimhe', gan tuilleadh athraithe, trí thagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2023 a chur isteach.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a d'eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Rinneadh na leasuithe céanna ar an doiciméad aonair, faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe'.

2. Limistéar dáileachta críochaithe

Sa tsonraíocht, Caibidil I, Roinn IV 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', leasaíodh pointe 2 'Limistéar dáileachta talún críochaithe' leis na dátaí formheasa ag údarás náisiúnta inniúil an limistéir dáileachta talún chríochaithe den ATFC sa limistéar geografach táirgeachta. Déantar dáileachtaí a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgeachta a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge atá cumhdaithe leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá i gceist a tháirgeadh. Níl an limistéar geografach athraithe.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Rialacha maidir le cion na gcineálacha fíniúna

Leasaíodh Caibidil I, Roinn V 'Cineálacha fíniúna' den tsonraíocht mar a leanas:

— i gcás na bhfíonta rosé: chun na cleachtais fíonóireachta agus saintréith thipiciúil fhíonta rosé 'Les Baux de Provence' a chaomhnú, laghdaíodh cion na gcineálacha fíonchaor geal sa chumasc ó 50 % go 20 %.

— i gcás na bhfíonta geala: chun nach socrófar cion na gcineálacha fíonchaor tánaisteach atá ag tagairt do chineál fíniúna aonair, Roussanne B, ag a bhfuil táirgeadh íseal agus neamhrialta uaireanta, leasaíodh an tsonraíocht chun cion uasta 30 % a shocrú.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Bainistiú fíonghort**

Sa tsonraíocht, leasaíodh Caibidil I, Roinn VI 'Bainistíocht fíonghort' chun a shonrú go bhfuil toirmeasc ar srianadh ceimiceach fiaile ar dhromchla ithreach dáileachtaí talún. Tá feidhm ag an bhforáil sin freisin maidir le cinnfhearainn agus fánaí cnoic na ndáileachtaí talún.

Bogadh an leasú sin chuig an roinn 'Cleachtais fíonóireachta' den doiciméad aonair.

5. **Modh táirgthe fíonta rosé**

Sa tsonraíocht, leasaíodh Caibidil I, Roinn X 'Nasc leis an limistéar geografach', pointe 2 'Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge' chun a shonrú go dtáirgtear fíonta rosé trí bhrú agus an teicníc *saignée*.

Bogadh an mionsonra chuig an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' sa doiciméad aonair.

6. **Dáta chun fíonta dearga agus geala a chur ar an margadh**

Sa tsonraíocht, leasaíodh Caibidil I, Roinn IX 'Próiseáil, táirgeadh agus aibiú' chun a shonrú go gcuirtear na fíonta dearga agus geala ar fáil do thomhaltóirí ar an margadh nuair a thagann deireadh lena dtréimhse aibithe. Maireann an tréimhse sin go dtí an 1 Aibreán den bhliain tar éis bhliain na buainte le haghaidh na bhfíonta geala, agus an 15 Meán Fómhair den bhliain tar éis bhliain na buainte le haghaidh na bhfíonta dearga.

Bogadh na soiléirithe sin chuig an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' sa doiciméad aonair.

7. **Beart idirthréimhseach maidir leis an limistéar atá díreach in aice láimhe a scriosadh**

Sa tsonraíocht, leasaíodh Caibidil I, Roinn XI 'Bearta idirthréimhseacha' chun beart idirthréimhseach atá imithe i léig a bhaineann leis an limistéar díreach in aice láimhe a bhaint, lenar foráladh, mar bheart idirthréimhseach, go bhféadfaí na fíonta a phróiseáil, a tháirgeadh agus a aibiú go dtí buaint 2013 agus an bhuaint sin san áireamh laistigh de chríoch bhardas Tarascon i roinn Bouches-du-Rhône.

Ní dhéanann an scrios sin difear don doiciméad aonair.

8. **Ceanglais maidir le dearbhú**

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Les Baux de Provence' cothrom le dáta: cuireadh na hoibleagáidí atá ar oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta don ainmniúchán.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

9. **Príomhphointí atá le seiceáil sa tsonraíocht**

Tugadh Caibidil III den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Les Baux de Provence' cothrom le dáta: cuireadh liosta na bpríomh-mhíreanna atá le seiceáil i gcomhréir leis an bplean cigireachta don ainmniúchán.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

10. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Tugadh Roinn II 'Tagairt don chomhlacht cigireachta' de Chaibidil III den tsonraíocht táirge cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a ráthaíonn inniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas, arna cheapadh ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut National de l'Origine et de la Qualité*, INAO).

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Les Baux de Provence

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe, úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

2204 21 – i gcoimeádáin ina bhfuil toirt 2 lítear nó níos lú

2204 21 06 – ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Fíonta socra atá dearg, rosé agus bán

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cumhdaítear fíonta socra dearga, rosé agus geala le hainmniúchán tionscnaimh 'Les Baux de Provence'.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta.

Tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0.4 gram in aghaidh an lítir ag fíonta dearga atá réidh lena bpacáistiú.

Tar éis coipeadh, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir sna fíonta.

Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na luachanna a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais.

A bhuí leis na dálaí fabhracha comhshaoil, geolaíocha agus ithreach, tá acmhainneacht aosaithe idir 5 agus 10 mbliana ag na fíonta dearga, arb iad 60 % den táirgeadh. Déantar iad go príomha as cineálacha fíniúna Grenache N agus Syrah N (cumaiscthe uaireanta le cineálacha fíniúna Mourvèdre N agus Cabernet Sauvignon N). Tugann na fíonta sin láidreacht agus galántacht le chéile le dath dorcha an rúibín agus an ghairnéid, le dea-bholadh láidir spíosraí, torthaí dubha 'subhúla' agus cócó. Tá na tainniní an-galánta d'ainneoin láidreacht na bhfíonta. Cuirtear na fíonta dearga ar fáil do thomhaltóirí ar an margadh nuair a thagann deireadh lena dtréimhse aibithe. Maireann an tréimhse sin go dtí an 15 Meán Fómhair den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Déantar na fíonta rosé (ar 30 % den táirgeadh iad) ar bhonn níos ginearálta as cineálacha Grenache N, Cinsaut N agus Syrah trí bhrú agus an teicníc *saignée*. Tá dath idir dath an bhradáin agus dath na piaine ar na fíonta sin. Tá siad dea-chothromaithe, struchtúrtha, maothlach agus láidir le dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha.

Déantar na fíonta geala (ar 10 % den táirgeadh iad) go príomha as meascán de chineálacha Vermentino B, Grenache Blanc B, Clairette B agus, ar bhonn níos lú, de chineálacha Roussanne B. Déanann cineál Marsanne B agus na cineálacha níos traidisiúnta Bourboulenc B agus Ugni Blanc B, atá oiriúnaithe go maith don timpeallacht gheografach, an cumasc a chomhlánú uaireanta trí chastacht aramatach bhreise a chur isteach. Is saintréithe de na fíonta sin iad a n-úire agus a mbeogacht, iad an-aramatach ó thaobh bolaidh agus blais de, agus bolaithe de thorthaí cloiche (e.g. péitseog, aibreog), ainís agus marós orthu. Nuair a aosaítear in adhmad iad, bíonn toin thóstáilte ag na fíonta, le mionbhlasanna torthaí aibí agus fanaile. Cuirtear na fíonta geala ar fáil do thomhaltóirí ar an margadh nuair a thagann deireadh lena dtréimhse aibithe. Maireann an tréimhse sin go dtí an 1 Aibreán den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

An modh saothraithe

Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Is é 2.5 méadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna. Is é 0.8 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

— Déantar prúnáil spoir ar na fíniúnacha, treoraítear iad chun cuachphrúnáil nó prúnáil Royat a dhéanamh, agus sé spor ar a mhéad agus bachlóg amháin nó dhá bhachlóg in aghaidh an phlanda orthu.

— Is féidir an cineál Syrah N a phrúnáil ina Guyot singil le 8 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

— Ní cheadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor. Déantar é go heisiach trí úsáid a bhaint as uisciú claise nó uisciú silte.

— Chun saintréithe na timpeallachta fisicí agus bitheolaíche a chaomhnú, ar cuid bhunúsach den terroir í, toirmisctear srianadh ceimiceach fiaile ar dhromchla ithreach dáileachtaí talún. Tá feidhm ag an bhforáil sin freisin maidir le cinnfhearainn agus fánaí cnoic na ndáileachtaí talún.

2.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid;

— Tá toirmeasc ar fhioghual fíoneolaíoch a úsáid, leis féin nó measctha in ullmhóidí, i dtáirgeadh fíonta rosé;

— Tá cosc ar aon chleachtas a laghdaíonn teocht na fíonchaora buainte faoi bhun 5 °C;

— Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuaint na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C.

Na cleachtais fhíoneolaíocha a ghlactar le haghaidh na bhfíonta, ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis an gCód Tuaithe agus Iascach a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh, ó bhuaint, fíonóireacht, próiseáil agus aibiú na bhfíonchaor, laistigh den limistéar geografach, i gcríoch na mbardas seo a leanas de roinn Bouches-du-Rhône, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023: Les Baux-de-Provence, Fontvieille, Maussane-les-Alpilles, Mouriès, Paradou, Saint-Etienne-du-Grès agus Saint-Rémy-de-Provence.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Sauvignon N

Carignan N

Clairette B

Counoise N

Grenache N

Grenache Blanc B

Marsanne B

Roussanne B

Ugni Blanc B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach don chuid thiar de shliabhraon Alpilles, agus beanna ag 490 méadar agus an chuid lárnach suite laistigh de chríoch bhardas Les Baux de Provence.

Tá an sliabhraon sin déanta as creaga aolchloiche a shíneann ón oirthear go dtí an t-iarthar ar feadh thart ar 30 ciliméadar idir abhainn na Róine, abhainn Durance agus machaire Crau.

Masaíf chreimthe, cruthaítear an raon de chreaga beibhealta pictiúrtha i bhfoirmíochtaí marla-aolchloiche an Chailcigh Íochtaraigh agus aolchloch chrua an Iúrasaigh. Áirítear leis limistéir bheaga chothroma agus chlochacha, agus umair bheaga báite isteach in argaillítí an Chailcigh Uachtaraigh agus molás gainmheach agus aolchloiche an Mhéicéinigh, ag foscadh fíonghort agus garráin ológ thraidisiúnta.

Eascraíonn aeráid Mheánmhuirí as an topagrafaíocht sin le samhraí teo agus tirime agus earraigh agus fómhair ina mbíonn neart báistí, le meánbháisteach bhliantúil 750 milliméadar. Séideann an Mistral, gaoth fhuar agus láidir go minic ón tuaisceart, thart ar céad lá in aghaidh na bliana. Is í meán-radaíocht na gréine sa limistéar sin 2 800 uair an chloig in aghaidh na bliana.

A bhuí lena suíomh foscúil, tairbhíonn fánaí theas shliabhraon Alpilles de thionchair mhuirí, agus tá na fánaí thuaidh, atá níos oscailte agus níos nochta don Mistral, níos fuaire.

Forbraíonn ithreacha fíonsaothrúcháin ar fhánaí claonta agus ar dhromchlaí snaíochair clochach, ag cruthú mínsceallacháin, cóin ghláracha, sciligh nó sil-leagain fána shrathaithe (*grèzes litées*). Tá na dáileachtaí talún fíonghoirt le fáil go príomha ar léibhinn nó ar leicinn chnoic ar dhá aghaidh an tsliabhraoin.

Leathnaíonn an limistéar geografach ar fud chríoch seacht mbardas i roinn Bouches-du-Rhône, agus déantar dáileachtaí talún atá beartaithe le haghaidh buaint fíonchaor a chríochú chun tús áite a thabhairt do bhunchnoic agus tír-raonta clochacha dea-dhraenáilte.

Maidir leis na tírdhreacha neamhchoitianta neamhghnácha sin ina bhfuil creaga siséalta agus lonracha, áit a bhfuil saothrú fíniúna agus ológ ann sa tsiombóis ón gcianaimsir, ba é Van Gogh a bhuanaigh iad agus spreag siad Alphonse Daudet ó airde mhuileann gaoithe Fontvieille.

Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Cuireadh tús le stair an fhíonghoirt sin, mar a bhí in Provence ina iomláine, thart ar 600 RC, nuair a bhunaigh na Phocaeans Marseille agus nuair a thug siad fíniúnacha isteach sa Fhrainc den chéad uair. Ón 2ú haois RC, tháinig na Rómhánaigh chun lonnú in Liguria, a bhí coilínithe ag na Phocaeans ceithre chéad bliain roimhe sin. Bhí limistéar Romanin (suite idir Saint-Andiol, Saint-Rémy-de-Provence agus Orgon) ina fhíonghort mór cheana féin a bhuí le tionchar na Gréige.

Bhí stair an fhíonghoirt agus a fhorbairt cosúil leis an gcuid eile de na príomhlimistéir fíonsaothrúcháin in Provence.

Mar thoradh ar ghéarchéim fiollocsaeire tháinig borradh ar shaothrú na n-ológ go dtí an sioc in 1956, a scrios beagnach gach garrán olóige agus a thug an dara seans do shaothrú na bhfíniúnacha an talamh a thabhairt chun míntíreachais go mall.

Díreach tar éis an Dara Cogadh Domhanda, thug Robert Faye, iar-úinéir 'Mas de la Dame', saol nua don fhíonghort ar chomhairle a chara Baron le Roy, duine de bhunaitheoirí ainmniúchán faoi chosaint.

In 1956, aithníodh fíonta a táirgeadh sa réigiún sin chomh fada le Aix-en-Provence mar *vin délimité de qualité supérieure* [fíon ainmnithe ar ardchaighdeán].

As sin amach, bhí cáil ar leith ar réigiún Alpilles faoin ainm 'Coteaux des Baux de Provence'.

Le foraithne an 25 Meán Fómhair 1972 aisghaireadh foraithne 1956, agus comhtháthaíodh na bardais uile a chumhdaíonn limistéar geografach 'Coteaux des Baux de Provence' i limistéar geografach *vin délimité de qualité supérieure* 'Coteaux d'Aix-en-Provence'.

Aithníodh ATFC 'Coteaux d'Aix-en-Provence' le foraithne an 24 Nollaig 1985, lenar bunaíodh freisin an t-ainmniúchán geografach sonrach 'Les Baux de Provence'.

Tháinig táirgeoirí an ainmniúcháin gheografaigh 'Les Baux de Provence' ar an eolas faoi mheascán geografach agus aeráide a gcríche go han-luath. Agus iad cinnte faoin tsainiúlacht sin agus faoin saineolas uathúil a bhfuil barr feabhais curtha acu air, déanann na táirgeoirí fíona sin a ndícheall úrnuacht a bhfíonta a chur in iúl. Mar thoradh ar a n-iarracht, tugadh aitheantas do ATFC 'Les Baux de Provence' an 20 Aibreán 1995.

Ina shuíomh ard, thug sráidbhaile Baux, atá suite i gcroílár an limistéir gheografaigh, a ainm don téarma 'báicsít' mar a aimsíodh an mhian ann in 1821. Is díol spéise eisceachtúil do thurasóirí é, a bhuí lena thír-raonta garbha agus a dhúnfort a bunaíodh ar fhothrach lonnaíochta Gallaí. Tá tionchar láidir ag an sráidbhaile ar an tionscal fíona áitiúil agus ar bheartas gnó na dtáirgeoirí fíona.

Bhain fíonghort ATFC 'Les Baux de Provence', a chumhdaigh 325 heicteár in 2009, meántáirgeadh bliantúil 10 000 heictilítear amach a tháirgtear le 14 réadmhaoin agus eastát. A bhuí leis na dálaí fabhracha comhshaoil, geolaíocha agus ithreach, tá acmhainneacht aosaithe idir 5 agus 10 mbliana ag na fíonta dearga, arb iad 60 % den táirgeadh. Déantar iad go príomha as cineálacha fíniúna Grenache N agus Syrah N (cumaiscthe uaireanta le cineálacha fíniúna Mourvèdre N agus Cabernet Sauvignon N). Tugann na fíonta sin láidreacht agus galántacht le chéile le dath dorcha an rúibín agus an ghairnéid, le dea-bholadh láidir spíosraí, torthaí dubha 'subhúla' agus cócó. Tá na tainniní an-galánta d'ainneoin láidreacht na bhfíonta.

Déantar na fíonta rosé (ar 30 % den táirgeadh iad) ar bhonn níos ginearálta as na cineálacha fíniúna Grenache N agus Cinsaut N. Tá dath idir dath an bhradáin agus dath na piaine ar na fíonta sin. Tá siad dea-chothromaithe, struchtúrtha, maothlach agus láidir agus tá dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha orthu.

Déantar na fíonta geala (ar 10 % den táirgeadh iad) go príomha as meascán de chineálacha Vermentino B, Grenache Blanc B, Clairette B agus, ar bhonn níos lú, de chineálacha Roussanne B. Déanann cineál Marsanne B agus na cineálacha níos traidisiúnta Bourboulenc B agus Ugni Blanc B, atá oiriúnaithe go maith don timpeallacht gheografach, an cumasc a chomhlánú uaireanta trí chastacht aramatach bhreise a chur isteach. Is saintréithe de na fíonta sin iad a n-úire agus a mbeogacht, iad an-aramatach ó thaobh bolaidh agus blais de, agus bolaithe de thorthaí cloiche (e.g. péitseog, aibreog), ainís agus marós orthu. Nuair a aosaítear in adhmad iad, bíonn toin thóstáilte ag na fíonta, agus bíonn mionbhlasanna torthaí aibí agus fanaile orthu. Tá an fíonghort suite i dtimpeallacht fhabhrach agus shainiúil, a bhfuil cáil air mar gheall ar a aonchineálacht. Tá ithreacha fíonsaothrúcháin, a fhoirmítear ar shil-leagain chlochacha agus aolchloiche fána mar thoradh ar shíonchaitheamh seaca, an-saintréithiúil don réigiún sin. Tá struchtúr ithreach crédhúrabháin leordhóthanach chun córas maith uisce a áirithiú le haghaidh na bhfíniúnacha.

Seasann an chríoch seo amach mar gheall ar a héagsúlachtaí aeráide fíneálta, rud a fhágann gur limistéar aibithe luaith é le beagán seaca agus neart teasa, ag a bhfuil fómhair agus earraigh ina bhfuil flúirse báistí. Tá tionchar an Mistral le brath go soiléir san fhíonghort dea-fhoscúil sin ag bun na gcreaga sléibhe. Déanann sé an t-atmaisféar a thriomú agus a fhuarú, rud a fhágann gur féidir aibiú feanólach maith a dhéanamh, go háirithe i gcás na gcineálacha fíniúna Proibhinsise is íogaire.

Aeráid Mheánmhuirí ina bhfuil flúirse báistí agus gaoithe, mar aon le tír-raon leiceann cnoic agus umar beag, agus dáileachtaí talún ina bhfuil ithreacha clochacha agus córas maith uisce atá foscúil ag bun creaga aolchloiche Alpilles, soláthraítear dálaí optamacha don fhíonghort iomlán, go háirithe le haghaidh cineálacha fíniúna a aibítear déanach amhail cineál Mourvèdre N.

Chomh maith leis an saineolas bunúsach i dtáirgeadh fíona ar ardchaighdeán, bhí pobal na dtáirgeoirí in ann úsáid a bhaint as an limistéar seo beannaithe le leicne cnoic nochta don ghaoth agus don aimsir te, bíodh a n-aghaidh ó thuaidh nó ó dheas.

Mar gheall ar na tosca nádúrtha sin atá fabhrach don fhíonghort, in éineacht le tosca daonna agus rialú táirgeachta (uasmhéid 50 heictilítear in aghaidh an heicteáir), is féidir fíonta rosé struchtúrtha, casta agus flaithiúla a tháirgeadh, chomh maith le fíonta geala bríomhara agus aramatacha, agus fíonta dearga atá oiriúnach lena n-aosú, a bhfuil dea-bholaithe spíosraí agus torthaí dubha orthu, chomh maith le tainniní síodúla.

Is iad na saintréithe sin is cúis le cáil na bhfíonta sin. Tagann custaiméirí, gairmithe agus daoine aonair, gan beann ar a náisiúntacht, go fonnmhar chun bualadh le táirgeoirí fíona ina n-eastáit fíona.

Is minice a bhíonn na fíonta sin le feiceáil i mbialanna den scoth i bPáras agus in áiteanna eile sa Fhrainc, agus i Londain (Waterside, Le Gavroche, Bibendum), München (Dallmayr), sa Ghinéiv (Le Cygne) agus i Lucsamburg (Le Gastronome, Clairefontaine) chomh maith.

Tá cáil den scoth ar an ATFC agus díoltar na fíonta lasmuigh den Fhrainc, san Ostair, sa Bheilg, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, in Éirinn, san Iodáil, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus onnmhairítear iad go Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, Singeapór agus an Eilvéis.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (buidéalú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir le fíonóireacht, próiseáil agus aibiú na bhfíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas i roinn Bouches-du-Rhône, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023: Eygalières agus Mas-Blanc-des-Alpilles.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-1af2db8a-21e0-4d2e-b0c9-f58e249a1c7a